

# An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

## Tuairisc 2011

Déantar cur síos sa tuairisc seo ar obair na bliana 2011, bliain a bhí an-dúshlánach don tír uile de bharr drochstaid na heacnamaíochta. , agus tá, tionchar ag staid na tíre ar obair COGG os rud é nach ceadmhach aon phost a líonadh agus nach bhfuil ar an bhfoireann ach triúr cé go bhfuil réimse leathan dualgas reachtúla ar COGG faoi fhorálacha an Achta Oideachais (1998).

Is tréimhse chorraitheach í don Ghaeilge agus don oideachas le ciorruithe á gcur i bhfeidhm a mbeidh an-tionchar acu ar scoileanna uile na tíre. Tá tús curtha le plean feidhmithe na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 agus leis an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020. Seoladh Creat úr don Sraith Sóisearach ag deireadh na bliana agus tá an chéad cohórt d'iarthóirí ag tabhairt faoin gcur chuige úr i scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i 2012.

Blianta cinniúnacha atá romhainn maidir leis an nGaeilge sna scoileanna os rud é go léiríonn an taighde ar fad nach bhfuil caighdeán ard sa Ghaeilge á bhaint amach ag líon an-ard daltaí agus, anuas air sin, go bhfuil líon suntasach múinteoirí nach bhfuil inniúil ar an teanga. Tá súil ag COGG go gcuirfear i bhfeidhm gan mhoill An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge mar a bhaineann, ach go háirithe , le hoideachas múinteoirí agus le teagasc na Gaeilge i scoileanna na tíre.

---

John Carr  
Cathaoirleach

## **Réamhrá**

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le comhaltaí COGG 2010 -2014 as an spéis a léirigh siad in obair COGG agus as an tacaíocht leanúnach a thug siad lena chinntiú go bhfeidhmeofaí forálacha an Acht Oideachais (1998) mar a bhaineann siad le COGG.

Tá buíochas ar leith ag dul do John Carr, Cathaoirleach na Comhairle, as a chuid oibre le bliain anuas.

Maidir leis na spriocanna a baineadh amach le linn na bliana 2010, agus sna blianta roimhe sin, murach dúthracht agus díograis na foirne- Aisling Nic Craith agus Pól Ó Cainín- ní bheadh leath an oiread bainte amach. Molaim iad.

Guímid gach rath ar Margaret Kelly, Príomhoifigeach, atá ag éirí as a post sa Roinn Oideachais agus Scileanna go luath san Earrach. Thug sí tacaíocht leanúnach do COGG ó bunaíodh í i 2002 agus braithfear uainn go mór í.

---

Muireann Ní Mhóráin  
Príomhfheidhmeannach

## **Ár Misean**

Cúraimí na Comhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chomhlíonadh go héifeachtach, go gairmiúil agus ar ardchaighdeán ar mhaithe le forás na hearnála Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chur chun cinn agus ar mhaithe le múineadh na Gaeilge i scoileanna uile na tíre.

## Cúlra

Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) i 2002 faoi théarmaí Alt 31 den Acht Oideachais (1998) tar éis feachtais a chuir Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge, Gaelscoileanna Teo, agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta ar bun le go mbeadh sainstruchtúr ann le freastal a dhéanamh ar riachtanais oideachais na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

## Feidhmeanna reachtúla:

- Soláthar téacsleabhar agus áiseanna do mhúineadh trí Ghaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le cur ar fáil agus cur chun cinn oideachas trí mheán na Gaeilge
- Seirbhísí taca a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge
- Taighde a sheoladh ar ábhar a bhaineann leis na cúraim sin
- Soláthar téacsleabhar agus acmhainní do mhúineadh na Gaeilge a phleanáil agus a chomheagrú
- Comhairle a thabhairt don Aire maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge
- Comhairle a thabhairt don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le nithe a bhaineann le múineadh na Gaeilge, le hoideachas a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge agus riachtanais oideachais na ndaoine a chónaíonn i limistéar Gaeltachta

## Ionadaithe

### Bord 2010-2014

|   |   |
|---|---|
| Ainmniúchán an Aire Oideachais agus Scileanna | John Carr<br>Cathaoirleach  |
| Ionadaí an Aire Oideachais agus Scileanna     | Mícheál Ó Dochartaigh   |
| Ionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna   | Máire Uí Chonghaile   |
| Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta           | Anna Ní Chartúir<br>Leaschathaoirleach<br>Mairéad Ní Chualáin<br>Bernadette Ní Dhuibhir |
| Gaelscoileanna Teoranta                       | Cathnia Ó Muircheartaigh<br>Fíona Uí Uiginn<br>Clodagh Ní Mhaoilchiaráin                |

|  |                         |
|--|-------------------------|
| Ionadaí tofa oidí na scoileanna Gaeltachta             | Bríd Uí Lubhaing        |
| Ionadaí tofa oidí na scoileanna lán-Ghaeilge           | Yvonne Ní Mhurchú       |
| Ionadaí tofa thuismitheoirí na scoileanna Gaeltachta   | Máire Nic Niallais      |
| Ionadaí tofa thuismitheoirí na scoileanna lán-Ghaeilge | Mícheál Ó Broin         |
| Ionadaí tofa phátrún na scoileanna Gaeltachta          | Séan Ó Tuairisg         |
| Ionadaí tofa phátrún na scoileanna lán-Ghaeilge        | Bláthnaid Ní Ghréacháin |

|      |   |
|------|---|
| INTO | Máire Ní Chuinneagáin<br>Deirbhile Nic Craith |
|------|---|

|                                |                       |
|--------------------------------|-----------------------|
| ASTI                           | Robert Cronin         |
| TUI                            | Judith Ní Cheallaigh  |
| Foras na Gaeilge               | Seosamh Ó Coinne      |
| Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge | Pádraig Mac Criostail |
| Reuben Ó Conluain              | CNCM (comhthofa)      |
| Seán Mac Nía                   | CCEA (comhthofa)      |

**Dearbhaím gur comhlíonadh na riachtanais rialacháin mar a bhaineann siad le hiniúchadh cuntas, le córais inmheánacha rialú caiteachais, le híocaíochtaí cánach, le treoirlínte na Roinne Airgeadais mar a bhaineann siad le híocaíochtaí costais taistil agus cothabhála, le heitic in oifig phoiblí, le soláthar seirbhísí agus earraí.**

---

**John Carr**  
**Cathaoirleach**

### **Foireann**

Muireann Ní Mhóráin Príomhfheidhmeannach  
Aisling Nic Craith Feidhmeannach Riaracháin  
Pól Ó Cainín Eagarthóir/ Cúntóir Taighde

### **Cur chuige**

De bharr líon beag na foirne, is ar bhonn conartha a dhéanann COGG mórchuid den obair.

- Déantar plé le múinteoirí sna scoileanna lena riachtanais ó thaobh áiseanna foghlama agus teagaisc a mheas.
- Fógraítear go rialta cuirí chun tairisceana d'fhoilsitheoirí oideachasúla le leaganacha Gaeilge de théacsleabhair agus d'áiseanna eile foghlama a chur ar fáil agus cuirtear maoiniú ar fáil dóibh.
- Tá painéal aistritheoirí le hardscileanna in aistriúchán ábhair do pháistí agus do dhaltai iarbhunscoile forbartha ag COGG agus leagtar an-bhéim ar oiriúnacht na teanga don léitheoir.
- Fáiltítear roimh bhunábhar ó mhúinteoirí don suíomh [www.cogg.ie](http://www.cogg.ie) agus foilsítear cuid den ábhar seo freisin i bhfoirm leabhar.
- Fógraítear scéim sparánachtaí do thaighde go bliantúil agus foilsítear tuarascálacha an taighde sin.
- Téitear i gcomhairle le príomhoidí, múinteoirí, an chigireacht, stiúrthóirí na nIonad Oideachais, coláistí 3u leibhéal agus le daoine eile maidir lena riachtanais tacaíochta agus cuirtear réimse leathan seirbhísí ar fáil.

## Buiséad

|      |   |
|------|---|
| 2002 | €253,396  |
| 2003 | €291,501  |
| 2004 | €417,463  |
| 2005 | €721,704  |
| 2006 | €983,560  |
| 2007 | €1.245m   |
| 2008 | €1.245m   |
| 2009 | €1.238m   |
| 2010 | €1.234m<br>Maoiniú breise<br>don Straitéis<br>20 Bliain €1.1m |
| 2011 | €1.386m   |

### Dátaí cruinnithe 2011:

**20 Eanáir 2011**

**22 Márta 2011**

**12 Bealtaine 2011**

**13 Meán Fómhair 2011**

**25 Deireadh Fómhair 2011**

**6 Nollaig 2011**

## Freastal ar chruinnithe COGG

| <b>Ainm</b>               | <b>Líon cruinnithe</b> |
|---------------------------|------------------------|
| John Carr                 | 6/6                    |
| Anna Ní Chartúir          | 6/6                    |
| Bernadette Ní Dhuibhir    | 6/6                    |
| Cathnia Ó Muircheartaigh  | 6/6                    |
| Máire Nic Niallais        | 2/6                    |
| Mairéad Ní Chualain       | 6/6                    |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | 4/6                    |
| Fíona Uí Uiginn           | 4/6                    |
| Máire Ní Chuinneagáin     | 6/6                    |
| Máire Uí Chonghaile       | 4/6                    |
| Judith Ní Mhurchú         | 4/6                    |
| Mícheál Ó Dochartaigh     | 2/6                    |
| Mícheál Ó Broin           | 1/6                    |
| Pádraig Mac Criostail     | 5/6                    |
| Robbie Cronin             | 4/6                    |
| Seán Ó Tuairisg           | 4/6                    |
| Seosamh Ó Coinne          | 5/6                    |
| Yvonne Ní Mhurchú         | 5/6                    |
| Deirbhile Nic Craith      | 5/6                    |
| Bríd Uí Lubhaing          | 4/6                    |
| Bláthnaid Ní Ghréacháin   | 3/6                    |
| Seán Mac Nia              | 2/3                    |
| Reuben Ó Conluain         | 2/3                    |

| <b>Ainm</b>               | <b>Costais Taistil &amp; Cothabhála a cúitíodh le comhaltaí i 2011 as freastal ar chruinnithe nó ar ócáidí eile a bhain le gnó na Comhairle</b> |
|---------------------------|---|
| John Carr                 | €1084.67  |
| Anna Ní Chartúir          | €1505.53  |
| Bernadette Ní Dhuibhir    | €1750.61  |
| Cathnia Ó Muircheartaigh  | €1238.99  |
| Máire Nic Niallais        | €609.25   |
| Mairéad Ní Chualain       | €1395.34  |
| Clodagh Ní Mhaoilchiaráin | €0  |
| Fíona Uí Uiginn           | €27.40  |
| Máire Ní Chuinneagáin     | €418.56   |
| Máire Uí Chonghaile       | €0  |
| Judith Ní Mhurchú         | €0  |
| Mícheál Ó Dochartaigh     | €714.29   |
| Mícheál Ó Broin           | €0  |
| Pádraig Mac Criostail     | €0  |
| Robbie Cronin             | €27.25  |
| Seán Ó Tuairisg           | €1727.34  |
| Seosamh Ó Coinne          | €0  |
| Yvonne Ní Mhurchú         | €1411.87  |
| Deirbhile Nic Craith      | €0  |
| Brid Uí Lubhaing          | €3169.37  |
| Bláthnaid Ní Ghréacháin   | €104.08   |



|                   |    |
|-------------------|----|
| Seán Mac Ní       | €0 |
| Reuben Ó Conluain | €0 |

### **Luach saothair**

Ní híoctar agus níor íocadh riamh, táille ar bith le cathaoirleach, le leas-chatthaoirleach ná le haon chomhalta de COGG.

Íoctar an Príomhfheidhmeannach de réir scála tuarastail na Cigireachta (Cigire Sinsearach)

Pointe 7 ar an scála: €93,175.42

### **An Fochoiste Polasaí agus Pleanála**

#### **Aidhmeanna:**

1. Polasaithe na Comhairle a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Comhairle
2. Scrúdú a dhéanamh ar pholasaithe, cáipéisí agus doiciméid ó eagrais eile a bhaineann le cúraim na Comhairle agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle
3. Plean Straitéise, plean bliana agus tuairisc bhliantúil a ullmhú le h-ionchur ón gComhairle, i gcomhpháirt leis an bhfeidhmeannas.
4. Anailís a dhéanamh, ar iarratas ón gComhairle, ar aon ní eile a bhaineann le hobair na Comhairle ó thaobh polasaithe nó pleanála de, agus moltaí ina leith a chur faoi bhráid na Comhairle.

### **Coiste Theagasc na Gaeilge**

De réir fhorálacha an Acht Oideachais, tá feidhm reachtúil ag COGG maidir le comhordú agus pleanáil áiseanna teagasc, le seoladh taighde agus le soláthar seirbhísí taca mar a bhaineann le teagasc na Gaeilge i scoileanna ina bhfuil an Béarla mar mheán. Tá feidhm reachtúil ag an gComhairle freisin comhairle a chur ar fáil don Aire Oideachais agus Eolaíochta agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le straitéisí a bhfuil de chuspóir leo feabhas a chur ar éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna sin. Bunaíodh coiste leis na feidhmeanna seo a chur i gcrích ach ní raibh aon chruinniú ag an gcoiste le linn 2010.

### **Coiste Iniúchta**

Faoi théarmaí an Chóid Cleachtais do chomhlachtaí stáit, bunaíodh Coiste Iniúchta ag deireadh na bliana le maoirsiú a dhéanamh ar iniúchadh inmheánach COGG. Tá Téarmaí tagartha an Choiste le haontú agus is gá 4 chruinniú ar a laghad den choiste a ghairm in aghaidh na bliana.

### **RÓL COMHAIRLIÚCHÁIN**

Cuireann COGG comhairle ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna agus don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta mar chuid dá feidhmeanna reachtúla.

I 2011 cuireadh comhairle ar fáil nó aighneachtaí faoi bhráid:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- An Chomhairle Mhúinteoireachta
- Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann
- Foras na Gaeilge

- Coistí Gairmoideachais
- Comhairlí Contae
- Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
- Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

## TAIGHDE AGUS FOILSEACHÁIN 2011

### Foilsithe:

*Riachtanais traenála agus tacaíochta d'earnáil na Gaelscolaíochta agus Gaeltachta i dtaca le páistí a bhfuil sainriachtanais orthu*

*POBAL (Scáth eagrais na Gaeilge i dTuaisceart Éireann)*

Caroline Nolan

### Taighde a mhaoinigh COGG ach nár foilsíodh go fóill:

*Iniúchadh ar na gnéithe cognaíochta, síctheangeolaíochta agus sochultúrtha d'fhorbairt na délitearthachta i scoileanna lán-Ghaeilge*

Seán Ó Cathalláin, Ollscoil Luimnigh.

*Ag Aistriú Téacsleabhar Scoile*

Séamus Ó Coileáin, Coláiste na hOllscoile, Gaillimh.

*Bi /Multilingualism, Literacy and dyslexia in Post-Primary all-Irish Schools*

Matthias Maunsell, Coláiste na Tríonóide.

*Tréithe dea-fhoghlaimeoirí Gaeilge*

Karen Ó Clochasaigh, Institiúid Teicneolaíochta Thráilí.

*Uirlis dhiagnóiseach d'fhadhbanna cuimhne*

Judith Wylie, Coláiste na Banríona, Béal Feirste

*Tumoideachas in Éirinn – Taithí Tuismitheoirí ar an gcóras Tumoideachais*

Lauren Kavanagh

*Athbheochan na Maori- ceachtanna don Ghaelscolaíocht*

Muiris Ó Laoire, Institiúid Teicneolaíochta Thrá lí.

*Tionchar an tumoideachais ar scileanna teanga, scileanna cognaíochta, IQ agus cruthaíocht páistí i nGaeilge agus i mBéarla.*

Ivan Kennedy

*Miontionscadal taighde ar chumais dhátheangacha cainteoirí dúchais Gaeilge*

Conchúr Ó Giollagáin

## **Taighde reatha á mhaoiniú ag COGG**

*Iniúchadh ar ábhar oiriúnach do iTunes U*

Seathrún Ó Tuairisg, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

*Sealbhú neamhiomlán na mionteanga*

Ciarán Lenoach - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

*Forbairt tástálacha le fadhbanna forbairt teanga a aithint don Teiripe Urlabhra*

Sara-Ann Muckley - Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

*Dea-chleachtas i dteagasc na gramadaí sa suíomh lán-Ghaeilge.*

T.J. Ó Ceallaigh - Coláiste na hOllscoile, Corcaigh,

*Teicneolaíocht Gréasáin 2.0 a úsáid le háiseanna a forbairt*

Niall Mac Uidhílin - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

*Cur chuige a forbairt i dtaobh fhoghlaim na Gaeilge, le fócas ar leith ar chothú na teanga labhartha.* Gearóidín Ní Dhiolúin - Ollscoil na hÉireann, Má Nuad,

*An dóigh a dtéann an dátheangachas i bhfeidhm ar chumas cogaíoch páistí*

Judith Wylie agus Gerry Mulhern - Ollscoil na Banríona,

*Dátheangachas agus féiniúlacht*

Áine Ní Dhonnabháin - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

## **Sparánachtaí a bronnadh i 2011**

*Meon/Tuiscint na múinteoirí Iarbhunscoile Gaeltachta/ lán-Ghaeilge ar sholáthar oideachas lánGhaeilge agus ar an bhfoghlaim chomhtháite a nascann foghlaim ábhair agus teanga*  
Aoife Ní Sheaghdha – Coláiste Phádraig

*Forbairt na Gaeilge: Na meánchéimeanna i measc páistí líofa sa Ghaeltacht agus sna Gaelscoileanna*

Siobhán Nic Fhlannchadha, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath.

*Dianstaidéar ar cháilíochtaí mhúinteoirí sna Gaelcholáistí agus sna hIarbhunscoileanna Gaeltachta*

Seán Ó Grádaigh- Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

## TÉACSLEABHAIR AGUS ÁISEANNA EILE A d'FHOILSIGH COGG NÓ A FOILSÍODH I gCOMHPHÁIRT

- **An Leabhrán Áiseanna, Eagrán 8-** Eolas cruinn do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna faoi théacsleabhair agus áiseanna eile atá ar fáil in Éirinn, Thuaidh agus Theas, don teagasc trí Ghaeilge.
- **Liostaí Leabhar**  
Bróisiúr seolta chuig gach bunscoil agus iarbhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge ag léiriú cé na leabhair atá ar fáil le cur ar liosta leabhar na ndaltaí
- **Geo Nua**  
Téacsleabhar tíreolaíochta don Teastas Sóisearach
- **Bunchlocha na Beatha**  
Téacsleabhar do bhitheolaíocht na hArdteistiméireachta
- **Triailscrúduithe (COGG/Examcraft)**  
Páipéir triailscrúduithe i réimse leathan ábhar
- **Iarpháipéir scrúdaithe**  
Leabhair d'iarpháipéir scrúdaithe stáit i réimse leathan ábhar (COGG/Examcraft)
- **Tionscadal Mata**  
Os rud é nach raibh téacsleabhair Thionscadal Mata ar fáil i mBéarla go dtí an samhradh, ní raibh aon téacsleabhar i nGaeilge ar fáil. Tá aistriúchán á dhéanamh ar bhonn leanúnach ar shé cinn de théacsleabhair do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge, rang na hArdteistiméireachta ina measc.  
Cuirtear an t-ábhar ar fáil ar líne, caibidil ar chaibidil, de réir mar a bhíonn sé ar fáil.  
Cuireadh 4 leabhrán i gcló i rith an Fhómhair: Leabhar 1 Caibidil 1-4; Leabhar 1 Caibidil 5-6; Leabhar 1 Caibidil 7-10; Leabhar 4 Snáithe 2. Dáileadh na leabhair ar scoileanna.
- **Fís na hEolaíochta**  
28 bhfíseán bunaithe ar théamaí siollabais eolaíochta an Teastais Shóisearaigh
- **Leabhair Tuairiscí Turgnamh**  
Leabhair tuairisce d'iarthóirí eolaíochta an Teastais Shóisearaigh
- **Eolas ar an tSlí**  
Cúrsa reiligiúin an Teastais Shóisearaigh
- **Faithconnect**  
Suíomh gréasáin do reiligiún na hIdirbhliaina
- **Leabhar Mór an Cheoil + CD**  
Scéal an cheoil ar fud na cruinne, ó thús ama go dtí an lá inniu.
- **Gaelscéal**  
Maoiniú á chur ar fáil d'ábhar foghlama don OSSP agus don OSPS, chomh maith le hábhar ar líne.
- **The Irish Daily Star**  
Maoiniú á chur ar fáil d'fhorlíonadh spóirt míosúil
- **Ceartha teanga**  
Comhpháirtíocht le hOifig an Choimisinéara Teanga le háis teagaisc a fhorbairt don OSSP maidir le ceartha teanga
- **Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide**  
Cuireadh i gcló agus dáileadh ar scoileanna na bileoga oibre do scrúdú na hArdteiste
- **Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh**  
Cuireadh leagan Gaeilge ar fáil de fhillteán an Chomhordaitheora agus na Ráitis.
- **Spreag an Ghaeilge le Spraoi**  
I gcomhpháirt le foireann Ghaeilge na SFGB, foilsíodh DVD agus treoirleabhar do mhúinteoirí bunaithe ar theagasc na Gaeilge trí chluichí clóis.

- **Mata Draíochta**  
Leabhair rang na naíonán bheaga agus rang na naíonán mhór.
- **Mata Meabhrach 1**  
Leabhar Rang 1 den tsraith
- **Eureka** –28 eagrán den leagan Gaeilge d’fhorlíonadh eolaíochta bunscoile an *Irish Independent*
- **Scóp**- leagan Gaeilge d’fhorlíonadh matamaitice míosúil bunscoile an *Irish Independent*
- **eLeathanach**- eLeathanach seachtainiúil an Choláiste Froebel
- **Bua na Cainte**  
Tacaíocht á chur ar fáil do Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, le háiseanna leictreonacha idirghníomhacha a fhorbairt don chlár Gaeilge ‘Bua na Cainte’.
- **Féasta Focal**  
Cuireadh cóipeanna d’áis a d’fhorbair CCEA i dTuaisceart Éireann ar fail do na bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.
- **Tá mé ag Fás**  
**Ár Scéalta**  
**Foghlaithe Mara**  
Cuirtear maoiniú ar fáil go leanúnach do shraitheanna léitheoireachta éagsúla.

#### SEIRBHÍSÍ TACA:

- **Séideán Sí**  
Comhthionscadal is ea Séideán Sí idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Foras na Gaeilge/An Gúm, a cuireadh ar bun le háiseanna a fhorbairt do theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Is faoi chathaoirleach COGG a stiúrtar an tionscadal agus Ionad Oideachais Dhún na nGall atá freagrach as a riaradh.
- [www.COGG.ie](http://www.COGG.ie)  
Rinneadh athdhearadh ar shuíomh gréasáin COGG i rith na bliana. Tá bunachar sonraí de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus foilseacháin COGG, chomh maith le heolas eile ar fáil ann. Cuireadh tús le fóram do mhúinteoirí le cúrsaí oideachais a phlé. Bíonn teacht ar thriailpháipéir do na scrúduithe stáit ar eislíon. Roghnaíodh an suíomh do ghearrliosta na ngradam e-rialtais.
- **Taispeántas Taistil**  
Ionad taispeántais i veain ina bhfuil sampla de gach áis teagaisc agus foghlama do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a thugann cuairt ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Tugadh cuairt ar scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre.
- **Cúrsaí Gaeilge**  
Chuir Gaelchultúr Teoranta cúrsa Gaeilge do mhúinteoirí iarbunscoile ar fáil do COGG i Lúnasa 2011.
- **Tionscadal Mata**  
Cuireadh leagan Gaeilge d’áiseanna múinteoirí agus daltaí ar fáil do sheirbhís tacaíochta *Tionscadal Mata*.
- **Liostaí leabhar**  
Seoladh bróisiúr chuig gach bunscoil agus iar-bhunscoil Ghaeltachta agus lán-Ghaeilge le heolas faoi na téacsleabhair do liostaí leabhar na scoileanna.

- **Páipéir na scrúduithe stáit**

Rinneadh athbhreithniú ar na leaganacha Gaeilge de gach páipéar (seachas an Béarla) sna scrúduithe stáit agus cuireadh tuairisc ar na difríochtaí eatarthu agus na leaganacha Béarla; na botúin agus úsáid téarmaíochta neamhchaighdeánach chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

- **Sintéis na Gaeilge**

Cuireadh maoiniú ar fáil leis an sintéis a chur in oiriúint do WORD, ionas go mbeadh daltaí scoile le deacrachtaí radhairc in ann leas a bhaint as an áis.

## **IONADAÍOCHT COGG AR CHOISTÍ**

Coiste Cúrsa Gaeilge na hArdteiste- CNCM

Coiste Cúrsa Gaeilge an Teastais Shóisearaigh- CNCM

Coiste na dTeangacha

Coiste comhordaithe na Gaeilge sa chóras oideachais

Grúpa Comhairleach na Seirbhíse Tacaíochta Dara Leibhéal don Ghaeilge

Coiste Comhairleach Séideán Sí

An Grúpa Comhordaithe Thuaidh/Theas don oideachas lán-Ghaeilge

Comhairle na Gaelscolaíochta

Grúpa Athbhreithnithe Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Fóram na Gaeilge

Fócasghrúpa na n-áiseanna iarbhunscoile

An Coiste Sheasta Thuaidh Theas ar Ghaelscolaíocht

Coiste Athbhreithnithe Scéim na Scoláireachtaí Tríú Leibhéal

## **Dátaí ar a ndearna an Príomhfheidhmeannach cur i láthair:**

23 Feabhra 2011

An Coláiste Froebel

Modúl ar an nGaelscolaíocht

4 Márta 2011

Coláiste Mhuire gan Smál

Múinteoirí Gairmthreorach

11 Márta 2011  
Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta

24 Márta 2011  
CAER

4 Aibreán 2011  
Tráilí  
Seimineár na mbunscoileanna Gaeltachta

6 Aibreán 2011  
Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

7 Meán Fómhair 2011  
Comhdháil Cigireachta na Roinne Oideachais

8 Deireadh Fómhair 2011  
Éigse Loch Lao

14 Deireadh Fómhair 2011  
Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta

5 Samhain 2011  
Oireachtas na Gaeilge

12 Samhain 2011  
Tionól Teagaisc na Múinteoirí Iarbhunscoile

25 Samhain 2011  
Comhdháil Ghaelscoileanna

1 Nollaig 2011  
Seimineár POBAL